


# Stuama le hAirgead
## Cártaí



Is mac léinn lánaimseartha é Rian, ach tá post páirtaimseartha aige i siopa áitiúil freisin. Tuilleann sé timpeall €130 in aghaidh na seachtaine. Bhog sé amach ó theach a thuismitheoirí le déanaí. Roinneann sé teach anois le ceathrar dá chairde agus íocann sé €350 in aghaidh na míosa don chíos. Uaireanta ní bhíonn dóthain airgid aige ag deireadh na seachtaine chun na billí a íoc, nó le dul amach. Is iondúil go bhfaigheann sé iasacht óna chairde, nó óna thuismitheoirí, nuair a tharlaíonn seo. Íocann sé ar ais iad nuair is féidir leis. Ach bíonn sé deacair, mar bíonn an t-airgead gann.




Tá Zac 21 agus tá sé díreach tar éis a cheadúnas tiomána a fháil. Tá sé san ollscoil agus tá cónaí air sa bhaile lena thuismitheoirí. Téann sé go dtí an ollscoil ar an traein. Oibríonn sé i dteach tábhairne ag an deireadh seachtaine agus úsáideann sé carr a mháthar chun dul ann. Ba bhreá leis a charr féin a fháil ach tuigeann sé go mbeidh sé costasach: Costas an chairr, an cháin, an t-árachas agus araile. Beidh air airgead a shábháil dá bharr. Tá sé chun cuntas a oscailt sa bhanc agus leath den airgead a thuilleann sé ón bpost a chur i dtaisce ann. Gheobhaidh sé iasacht chun an carr a cheannach agus íocfaidh sé as an árachas agus as an gcáin é féin.





Tá Magda 25. Tá sí ag obair sa ghruagaire áitiúil. Tá a cairde ag dul go Meiriceá ar saoire an mhí seo chugainn agus tá sí ag iarraidh dul leo. Ceapann sí go bhfuil sos tuillte aici. Níl aon airgead i dtaisce aici, mar sin tá sí chun iasacht a fháil ón mbanc le híoc as. Dúirt a máthair léi go mbeidh sí sásta dul i mbannaí uirthi – (act as guarantor). Níl tuairim ag Magda conas a íocfaidh sí an iasacht ar ais, ach smaoineoidh sí faoi sin nuair a thiocfaidh sí abhaile.



# Stuama le hAirgead
# Cártaí



Tá Amelia 28 agus tá sí ina cónaí léi féin i dteach ar cíos. D'éirigh léi post a fháil nuair a chríochnaigh sí san ollscoil cúpla bliain ó shin agus tá gach rud ar fheabhas. Ní raibh aon rud i dtaisce aici nuair a bhí sí san ollscoil, ach cuireann sí suim ar leataobh gach mí anois. Tá fiacha aici ón am go raibh sí san ollscoil – ar chárta creidmheasa agus iasacht. Ach toisc gur tharla na fiacha seo cúpla bliain ó shin, ceapann sí nach gá iad a íoc ar ais anois. Déanann sí neamhaird do na litreacha a fhaigheann sí dá bharr. Tá sí ag iarraidh teach a cheannach i gceann cúpla bliain, ach rachaidh sí go dtí banc difriúil chun iasacht a fháil.





Tá Jacob agus Ava ag siúl amach le cúpla bliain. Beidh siad ag pósadh i gceann dhá bhliain eile. Shuigh siad síos agus rinne siad buiséad don mhéid a chosnóidh an bhainis. Tá an bheirt acu ag obair go lánaimseartha agus tá cuntas taisce éagsúla acu. Tá €5000 an duine sábháilte acu. Tá cinneadh tógtha acu go bhfuil siad chun comhchuntas a oscailt don bhainis agus go bhfuil siad chun €300 an duine a chur isteach ann gach mí.






Tá Lily agus Micheál ag siúl amach le trí bliana anuas. Téann siad amach le chéile uair sa tseachtain – le haghaidh béile, nó go dtí an phictiúrlann. Is breá leo taisteal agus téann siad ar laethanta saoire faoi dhó sa bhliain. Tá siad i dteach ar cíos faoi láthair, ach teastaíonn uathu a dteach féin a fháil sa todhchaí. Tá praghas na dtithe ag ardú, ach níl siad ag iarraidh an deis a chailleadh. Tá an bheirt acu ag obair, ach leis an gcíos agus na billí, ní féidir leo aon airgead a chur i dtaisce.

# Stuama le hAirgead
# Cártaí




**Tá Mia 32 agus tugann sí aire lánaimseartha dá mac Jack, atá 4 bliana d'aois. Beidh Jack ag dul ar scoil an bhliain seo chugainn agus ba mhaith léi filleadh ar an obair go lánaimseartha ansin. Tá sí ag obair go páirtaimseartha i gcaifé faoi láthair a chabhraíonn léi suim bheag a chur i dtaisce gach mí. Tá cónaí uirthi i dteach ar cíos faoi láthair, ach nuair a thosóidh sí ag obair go lánaimseartha, tá sé i gceist aici éarlais a shábháil don teach.**






**Tá Noah agus Hollie pósta le beirt pháistí. Téann siad amach gach Domhnach don dinnéar. Téann na páistí chuig ranganna ceoil agus snámha. Tá na háiseanna is nua-aimseartha go léir sa teach acu agus faigheann siad gach seirbhís atá ar fáil ar phraghas maith. Is leictreoir é Noah agus is múinteoir í Hollie. Chaill Noah a phost le déanaí agus tá deacrachtaí acu a mbillí a íoc dá bharr. Tá carr ag Noah mar bhí sé ag teastáil uaidh le dul ag obair. Tá carr ag Hollie freisin, ach d'fhéadfadh sí siúl ar scoil. Bíonn billí leictreachais arda acu, mar fágtar gach rud ar siúl i gcónaí.**



**Tá Sophia 17 agus ag tabhairt faoin Ardteist. Tá sí ag staidéar go dian agus tá ag éirí go maith léi sna scrúduithe. Ach tá sí ag súil go mór leis an mbliain seo chugainn nuair a bheidh sí ag dul ar an ollscoil. D'oibrigh sí an samhradh seo caite i mbialann áitiúil. D'oibrigh sí 20 uair gach seachtain – ach rinne sí obair bhreise nuair a bhí grúpaí móra ann. Thóg sí cinneadh nach bhfuil sí chun dul go dtí na deibeanna - agus an t-airgead a chur ar leataobh don choláiste ina áit. Íocfaidh a tuismitheoirí as formhór de, ach is maith léi nuair a bhíonn a hairgead féin aici. D'oscail sí cuntas taisce cúpla bliain ó shin agus cuireann sí airgead ann gach seachtain.**



**Chaill John a phost le déanaí. Baineadh geit uafásach as ach thuig sé go mbeadh air leanúint ar aghaidh. D'fhoghlaim sé go raibh sé i dteideal Sochar Cuardaitheora Poist, a fhaigheann sé gach seachtain. Tá morgáiste aige mar sin thóg sé cinneadh go raibh sé chun seomra sa teach a chur ar cíos, nach raibh in úsáid aige ar aon nós. Nuair a bhí an seomra á réiteach, chuir sé gach rud nach raibh ag teastáil uaidh ar eBay. Bhí áthas air faoin airgead a thuill sé! Tá agallamh aige le haghaidh post nua an tseachtain seo chugainn agus tá sé dóchasach go n-éireoidh leis é a fháil, nó ceann eile a fháil roimh i bhfad.**

CCPC
Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
Competition and Consumer Protection Commission
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta